2025/2028

8.10.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2028 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/845 lena socraítear leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2024 go dtí an 31 Iúil 2025

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6609)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta i dtaca le cabhracha agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún ([2]), na Ballstáit ar mian leo a bheith rannpháirteach i scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais ('an scéim scoile'), tá siad lena n-iarraidh ar an gcabhair sin ón Aontas a bhaineann leis an gcéad scoilbhliain eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain agus, más infheidhme, tabharfaidh siad cothrom le dáta an iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an scoilbhliain reatha.

(2) Ar bhonn na faisnéise ar thug na Ballstáit fógra fúithi faoin 31 Eanáir 2024, socraíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/845 ón gCoimisiún ([3]) leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh na scéime scoile i measc na mBallstát a chuir isteach iarrataí le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2024 go dtí an 31 Iúil 2025 *('an scoilbhliain lena mbaineann')*.

(3) Aon aistriú idir leithdháiltí críochnaitheacha a dhéanfar tar éis an 31 Eanáir den scoilbhliain, ceanglaítear ar na Ballstáit, faoin 31 Lúnasa den bhliain chéanna, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi de bhun Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39.

(4) Chuir an Fhrainc agus an Phortaingéil fógraí isteach maidir le haistrithe idir na leithdháiltí críochnaitheacha le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna i gcomhair na scoilbhliana lena mbaineann.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/845 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/845.

([1]) IO L 346, 20.12.2013, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1370/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 maidir le rialacha i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/39/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/845 ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 lena socraítear leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2024 go dtí an 31 Iúil 2025 agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/655 (IO L, 2024/845, 14.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/845/oj).

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Scoilbhliain 2024/2025

Ballstát	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna in EUR	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh bainne do scoileanna in EUR
an Bheilg	3 866 136	1 383 066
an Bhulgáir	2 185 083	1 800 090
an tSeicia	3 471 298	3 048 057
an Danmhairg	1 738 084	1 632 431
an Ghearmáin	21 088 189	9 036 819
an Eastóin	412 171	754 955
Éire	1 964 838	826 537
an Ghréig	3 149 503	1 464 086
an Spáinn	14 598 879	5 342 000
an Fhrainc	19 766 836	12 932 874
an Chróit	1 319 431	610 533
an Iodáil	15 293 816	6 910 347
an Chipir	300 835	252 652
an Laitvia	672 013	868 581
an Liotuáin	923 640	1 236 781
Lucsamburg	297 664	193 000
an Ungáir	3 589 688	2 376 098
Málta	312 950	170 050
an Ísiltír	5 721 331	1 632 699
an Ostair	2 415 705	1 015 027
an Pholainn	12 559 346	12 791 591
an Phortaingéil	2 244 412	1 861 261
an Rómáin	6 178 236	11 303 390
an tSlóivéin	689 465	305 638
an tSlóvaic	1 915 441	1 659 402
an Fhionlainn	1 672 943	2 731 455
an tSualainn	0	8 316 782
Iomlán	**128 347 933**	**92 456 202'**